An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**EUCO 23/25**
**EXT 1**

**CO EUR 19**
**PV/CO EUR 9**

**MIONTUAIRISCÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 Deireadh Fómhair 2025) |

*Sliocht as na Miontuairiscí ón gComhairle Eorpach, a chuirfear isteach faoin mír maidir le hiomaíochas agus an t-aistriú dúbailte:*

(…)

Atáirgtear san Iarscríbhinn an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí a thíolaic Poblacht Mhálta.

(…)

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ó Phoblacht Mhálta**

'Is mór ag Málta go n-aithnítear 'imthosca náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh' mar a léirítear i mír 40 de na conclúidí ón gComhairle Eorpach. Tá sé ríthábhachtach go léireofar i mbeartas aeráide an Aontais na réaltachtaí uathúla struchtúracha, geografacha agus eacnamaíocha arb ann dóibh i gcás Ballstáit oileánacha.

Is iomaí dúshlán atá roimh oileáin, lena n-áirítear spleáchas ar allmhairí, oileánachas, acmhainneacht theoranta i gcás an laghdaithe, agus nascacht theoranta, rud a fhágann go bhfuil sé deacair a bheith costéifeachtach agus iad ag gníomhú ar son na haeráide. Is mó ar fad ualach na n-oibleagáidí aeráide ar na Ballstáit oileánacha, áfach, toisc nach mór dóibh iad a chomhlíonadh gan tacaíocht a bheith acu ó mháthairstát. Cuireann sé sin leis na deacrachtaí a bhíonn acu a ngeilleagair a dhícharbónú a thuilleadh.

Tá sé ríthábhachtach do na Ballstáit oileánacha go n-aithneofaí sin agus go n-áiritheofaí solúbthacht fheabhsaithe sa chreat dlíthiúil aeráide chun nach ndéanfaidh oibleagáidí aeráide difear díréireach d'aon cheann de na Ballstáit.'